# Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

## Beartas maidir le Bronntanais, Iontaobhais agus Scoláireachtaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir thagartha an doiciméid** | BOOLM/BIS | **Doiciméad arna thionscnamh ag** | Rannóg SOC BOOLM |
| **Uimhir athbhreithnithe** | 004 | **Doiciméad arna dhréachtú ag** | Rannóg SOC BOOLM |
| **Doiciméad arna athbhreithniú ag** | FBS | **Doiciméad arna dhaingniú ag** | Bord BOOLM |
| **Dáta ar daingníodh an doiciméad** | 29/02/2024 | **Dáta ar cuireadh an doiciméad i bhfeidhm** | 29/02/2024 |
| **Tréimhse athbhreithnithe shannta** | 3 Bliana | **Freagrach as cur i bhfeidhm** | FBS BOOLM |
| **Freagrach as athbhreithniú** | FBS | **An chéad dáta athbhreithnithe eile** | 1 bhliain tar éis a chur chun feidhme |
| **Cóip bhunaidh arna heisiúint ag** | FBS BOOLM | **Dáta aistarraingthe doiciméad atá imithe as feidhm** | 29/02/2024 |

| **Stair Leasaithe** |
|---|

| **Dáta** | **Leibhéal athbhreithnithe** | **Sonraí an leasaithe** | **Síniú ceadaithe** |
|---|---|---|---|
| 18 Samhain 2021 | Leagan 2 | Fógra do Bhoird Bhainistíochta | |
| 29 Meán Fómhair 2023 | Leagan 3 | Ceadú oibreacha agus TF | |
| 29 Feabhra 2024 | Leagan 4 | Soláthar agus comhaontuithe le tríú páirtithe | |

Beidh sé mar bheartas ag BOOLM go ndéanfar cinneadh uaidh glacadh le bronntanas, gníomhú mar iontaobhaí iontaobhais nó carthanais nó cúnamh a bhunú nó cúnamh a sholáthar chun scoláireacht a bhunú ag BOOLM de réir cheanglais an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 ("an tAcht").

Forchoimeádtar an t-údarás chun na cinntí thuas a dhéanamh do Bhord BOOLM ("an Bord") faoi Alt 12 den Acht.

Dá réir sin, tá Coiste Bronntanas, Iontaobhas agus Scoláireachtaí ("an Coiste") bunaithe ag an mBord de réir fhorálacha Alt 44 (1) b den Acht **chun comhairle a thabhairt dó** i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna aige faoi:

(a) alt 29 den Acht **(Bronntanais agus Iontaobhais)**, is é sin breithniú tuarascála ón bPríomhfheidhmeannach faoi Alt 29 (1) den Acht de bhun gníomh a mholadh don Bhord faoi Alt 29 (2) den Acht; agus
(b) alt 24 den Acht **(Scoláireachtaí)**, is é sin tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach faoi Alt 24 (1) den Acht a bhreithniú de bhun gníomh a mholadh don Bhord faoi Alt 24 (4) den Acht.

**Bronntanais agus Iontaobhais**
Ceanglaíonn Alt 29 den Acht ar an bPríomhfheidhmeannach tuarascáil a thabhairt don Bhord laistigh de mhí amháin ón tairiscint nó ón iarratas a dhéanamh. Beidh ainm agus seoladh dheontóir an bhronntanais, cur síos ar an mbronntanas, sonraí aon iontaobhais nó coinníll a ghabhann leis an mbronntanas agus aon fhaisnéis ábhartha eile sa tuarascáil seo.

Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire Oideachais agus Scileanna agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, géilleadh don iarratas chun críocha a bhaineann le feidhmeanna an bhoird nó féadfaidh sé diúltú gníomhú mar iontaobhaí iontaobhais nó carthanais nó bronntanais a ghlacadh. Ní ghníomhóidh an Bord mar iontaobhaí ná ní ghlacfaidh sé bronntanas más rud é, i dtuairim an bhoird, go bhfuil iontaobhas nó coinníoll an bhronntanais ar neamhréir le neamhspleáchas oibríochtúil an bhoird nó le comhlíonadh éifeachtach a fheidhmeanna nó gur dóigh dó dochar a dhéanamh dó.

Más rud é go mbeadh oibreacha ar áitreabh BOOLM mar thoradh ar thairiscint bronntanais nó iarratais chun gníomhú mar iontaobhaí, ní rachaidh príomhoide nó comhordaitheoir ábhartha na scoile ar aghaidh gan cead i scríbhinn ó PC Roinn Talún & Foirgneamh BOOLM.

Más de chineál crua-earraí nó bogearraí TF é tairiscint bronntanais nó iarraidh chun gníomhú mar iontaobhaí, ní rachaidh príomhoide nó comhordaitheoir ábhartha na scoile nó an chomhordaitheora ionaid ábhartha ar aghaidh gan cead i scríbhinn a fháil ó PC Roinn TF BOOLM.

Má dhéantar tairiscint ar bhronntanas nó ar iarratas chun gníomhú mar iontaobhaí chuig scoil nó ionad, cuirfidh an príomhoide nó an bainisteoir ábhartha an Roinn SOC BOOLM ar an eolas i scríbhinn a luaithe is féidir.
Beidh ainm agus seoladh dheontóir an bhronntanais, cur síos ar an mbronntanas, sonraí aon iontaobhais nó coinníll a ghabhann leis an mbronntanas agus aon fhaisnéis ábhartha eile san fhógra seo. I gcás bronntanas sócmhainne/sócmhainní, deimhneoidh an

Príomhoide/Comhordaitheoir i scríbhinn an bhfuil nó nach bhfuil an tsócmhainn/na sócmhainní comhoiriúnach le cuspóirí BOOLM agus an gcomhlíonann siad sonraíochtaí íosta, cothabháil agus rialuithe baránta. Tar éis bronntanas sócmhainne/sócmhainní a cheadú, cuirfidh an Roinn SOC na sonraí in iúl d'árachóirí BOOLM agus, más infheidhme, cuirfidh an scoil nó an t-ionad na sonraí san áireamh sa chlár sócmhainní.

Ní ghlacfar le bronntanas, ná ní ghlacfar le cinneadh gníomhú mar iontaobhaí go dtí go bhfaighfear gach ceadú is gá. Cuirfidh an roinn SOC comhairle ar an bpríomhoide nó ar an mbainisteoir ábhartha faoi seo.

Mar a d'fhaomh an Bord é ar an 10 Eanáir 2019, áireoidh BOOLM sonraí faoi bhronntanais ar mó ná €5,000 iad ina thuarascáil bhliantúil.

Cuirfidh Príomhoide/Comhordaitheoir na scoile/an ionaid bronntanais agus iontaobhais in iúl don Bhord Bainistíochta a luaithe is féidir.

Admhófar bronntanais go foirmiúil, eiseofar admháil oifigiúil ar airgead a fuarthas agus taiscfear chuig cuntas BOOLM iad.

Níltear le glacadh le deonacháin, bronntanais, tabhartais ná comaoineacha eile má tá baint dhíreach nó indíreach acu le socrúchán deontóra ar phainéal, le creat deontóra, nó ceapadh deontóra mar sholáthraí nó má mholtar gan glacadh le comaoin nó má tá cosc air faoi chomhaontuithe le tríú páirtithe lena n-áirítear maoinitheoirí. I gcomhréir leis an mbeartas soláthair agus leis an gCód Cleachtais ní mór go mbeidh ceapadh soláthraithe oibiachtúil, ábhartha agus i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta, an chomhionannais agus na comhréireachta.

Baineann an beartas seo le glacadh le bronntanais ag BOOLM. Déileáiltear le glacadh bronntanas ó fhoireann agus ó bhaill an BOOLM sna Cóid Iompair do Chomhaltaí Foirne agus do Chomhaltaí Boird.

**Scoláireachtaí**

Faoi Alt 24 d'Acht 2013, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach tuarascáil a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le hiarratas chun scoláireacht a bhunú nó cúnamh a thabhairt chun scoláireacht a bhunú ag an mBord. Beidh méid agus seilbh na scoláireachta, aon téarmaí agus coinníollacha a bheidh le cur ag gabháil leis an scoláireacht, cineál aon chúnaimh a sholáthróidh an Bord le linn an scoláireacht a bhunú agus aon eolas iomchuí eile in aon tuarascáil den sórt sin.

Féadfaidh an Bord, le ceadú an Aire Oideachais agus Scileanna, scoláireacht a bhunú nó cabhrú lena bunú nó diúltú amhlaidh a dhéanamh.

Má iarrtar ar scoil nó ar ionad scoláireacht a bhunú nó cúnamh a chur ar fáil maidir le scoláireacht a bhunú, cuirfidh an príomhoide nó an bainisteoir ábhartha an Roinn SOC BOOLM ar an eolas i scríbhinn a luaithe is féidir. Beidh méid agus seilbh na scoláireachta, aon téarmaí agus coinníollacha a bheidh le cur ag gabháil leis an scoláireacht, cineál aon

chúnaimh a sholáthróidh an Bord le linn an scoláireacht a bhunú agus aon eolas iomchuí eile in aon fhógra den sórt sin.

Cuirfidh Príomhoide/Comhordaitheoir na scoile/an ionaid scoláireachtaí in iúl don Bhord Bainistíochta a luaithe is féidir.

Ní bhunófar scoláireacht, ná ní chuirfear cúnamh ar fáil chun scoláireacht a bhunú go dtí go bhfaighfear gach ceadú is gá. Cuirfidh an roinn SOC comhairle ar an bpríomhoide nó ar an mbainisteoir ábhartha faoi seo.

*Leagan 1 – Ceadaithe ag Bord BOOLM an 10 Deireadh Fómhair 2019*

*Leagan 2 – Nóta ó Bhord BOOLM an 18 Samhain 2021*

*Leagan 3 – Nóta ó Bhord BOOLM an 29 Meán Fómhair 2023*

*Leagan 4 – Nóta ó Bhord BOOLM an 29 Feabhra 2024*